II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/137 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ionas go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach, is gá caighdeáin staidrimh is infheidhme maidir le bailiú, tarchur agus foilsiú staidrimh náisiúnta agus Aontais ionas gur féidir le gnólachtaí, institiúidí airgeadais, rialtais agus gach oibreoir eile sa mhargadh inmheánach rochtain a fháil ar shonraí staidrimh iontaofa agus inchomparáide. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach léirmhíniú aonfhoirmeach a dhéanamh i ngach Ballstát ar na catagóirí éagsúla chun gníomhaíochtaí san Aontas a aicmiú.

(2) Tá gá le staidreamh iontaofa agus inchomparáide chun a chur ar chumas na ngnólachtaí measúnú a dhéanamh ar a n-iomaíochas agus tá staidreamh den sórt sin tairbheach d'institiúidí an Aontais chun saobhadh iomaíochta a chosc.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (dá ngairtear "NACE Ath. 2" anseo feasta), chun ceanglais maidir le staidreamh a chomhlíonadh tráth a glacadh an Rialachán, agus fad a bhí sé i gcomhréir le timpeallacht na teicneolaíochta agus struchtúr an gheilleagair, chomh maith leis na haicmithe idirnáisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta ábhartha.

(4) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena leasaítear Iarscríbhinn I, chun forbairtí teicniúla nó eacnamaíocha a chur san áireamh nó chun é a ailíniú le haicmithe eile eacnamaíocha agus shóisialta.

(5) Mar thoradh ar an domhandú agus ar an digitiú, tá athrú tagtha ar an gcaoi a soláthraítear earraí agus seirbhísí le roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha, ó tháinig NACE Ath. 2 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008. Tháinig méadú ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí nua agus níl an tábhacht chéanna ag baint le gníomhaíochtaí eile sa gheilleagar domhanda. Tharla athruithe tapa freisin i dtimpeallacht na teicneolaíochta faisnéise. Ina theannta sin, leis an méadú ar an bhfeasacht ar thionchar an gheilleagair ar an gcomhshaol, cruthaíodh gníomhaíochtaí speisialaithe chun an comhshaol a chosaint.

([1]) IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

(6) Ceanglaítear le hinchomparáideacht idirnáisiúnta staidrimh eacnamaíoch go mbainfidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais úsáid as aicmithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá nasctha go díreach leis an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta I dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch (ISIC).

(7) Tar éis do Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe Athbhreithniú 5 den Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch ("ISIC Ath. 5") a ghlacadh, ba cheart aicmiú NACE a oiriúnú chun a inchomparáideacht agus a chomhsheasmhacht leis na caighdeáin maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

(8) Trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nua atá indéanta de bharr forbairtí struchtúracha, eolaíocha agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí a chur san áireamh, ba cheart réaltacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair san Aontas a léiriú ar bhealach níos dlúithe in aicmiú NACE.

(9) Tá ról lárnach ag aicmiú NACE atá cothrom le dáta i dtaca le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin chun soláthar staidrimh an Aontais a nuachóiriú. Meastar go rannchuideoidh an t-aicmiú sin atá cothrom le dáta le rialachas eacnamaíoch níos fearr ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, trí shonraí níos inchomparáide agus níos ábhartha.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Airteagal 2

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2025.

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na tarchuir sonraí ó na dátaí seo a leanas:

(a) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ([2]) ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— an staidreamh i ndáil le struchtúr agus dáileadh an tuillimh, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;

— an staidreamh i ndáil le leibhéal agus comhdhéanamh na gcostas saothair**,** beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

(b) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;

(c) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;

(d) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair (IO L 63, 12.3.1999, lch. 6).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staitisticí dramhaíola (IO L 332, 9.12.2002, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le hinnéacs na gcostas saothair (IO L 69, 13.3.2003, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

(e) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2030;

(f) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;

(g) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;

(h) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— IARSCRÍBHINN II — Fearann: Cúram sláinte, ábhar: "caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte", beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;

— IARSCRÍBHINN IV — Fearann: Tionóiscí ag an obair, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;

(i) le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— Iarscríbhinn I — MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAIS ASTAÍOCHTAÍ AEIR, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

— Iarscríbhinn II — MODÚL LE hAGHAIDH CÁNACHA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHSHAOL DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA EACNAMAÍCHE, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

— Iarscríbhinn IV — MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAIS AR CHAITEACHAS I LEITH CHOSAINT AN CHOMHSAHOIL, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

— Iarscríbhinn V — MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAIS AR AN EARNÁIL UM EARRAÍ AGUS UM SHEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

— Iarscríbhinn VI — MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAIS AR SHREABHADH FISICIÚIL FUINNIMH, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

(j) le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;

(k) le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn B, beidh feidhm aige maidir le tarchuir sonraí ó mhí Mheán Fómhair 2029 amach;

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le staidreamh i ndáil le gairmoiliúint i ngnóthais (IO L 255, 30.9.2005, lch. 1).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal (IO L 145, 4.6.2008, lch. 234).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair (IO L 354, 31.12.2008, lch. 70).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha comhshaoil (IO L 192, 22.7.2011, lch. 1).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 32, 3.2.2012, lch. 1).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

(l) le haghaidh Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— fearann "an lucht saothair" agus fearann "an ioncaim agus na ndálaí maireachtála"**,** beidh feidhm acu maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;

— fearann an "oideachais agus na hoiliúna"**,** beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse bailithe sonraí ón 1 Eanáir 2028;

— fearann "an tomhaltais" agus "na húsáide ama", beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2030;

— fearann na "sláinte", beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2031;

(m) le haghaidh Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— Airteagal 6(1), pointe (a), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí athbhunaithe ar an mbliain 2025;

— Airteagal 6(2), pointí (c) agus (d), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([13]) Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1).

([14]) Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

NACE ATH. 2 NUASHONRÚ 1 (NACE ATH. 2.1)

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
			ROINN A — TALMHAÍOCHT, FORAOISEACHT AGUS IASCAIREACHT
01			Táirgeadh barr agus ainmhithe, sealgaireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara
	01.1		Saothrú barr neamh-ilbhliantúil
		01.11	Saothrú gránach, seachas rís, barr léagúmach agus síolta ola
		01.12	Saothrú ríse
		01.13	Saothrú glasraí agus mealbhacán, fréamhacha agus tiúbar
		01.14	Saothrú cána siúcra
		01.15	Saothrú tobac
		01.16	Saothrú barr snáithín
		01.19	Saothrú barr neamh-ilbhliantúil eile
	01.2		Saothrú barr ilbhliantúil
		01.21	Saothrú fíonchaor
		01.22	Saothrú torthaí trópaiceacha agus fothrópaiceacha
		01.23	Saothrú torthaí citris
		01.24	Saothrú torthaí póma agus torthaí cloiche
		01.25	Saothrú torthaí agus cnónna eile crann agus tor
		01.26	Saothrú torthaí olúla
		01.27	Saothrú barr dí
		01.28	Saothrú spíosraí, barr cumhra, barr drugaí agus barr cógaisíochta
		01.29	Saothrú barr ilbhliantúil eile
	01.3		Iomadú plandaí
		01.30	Iomadú plandaí
	01.4		Táirgeadh ainmhithe
		01.41	Tógáil eallaigh déiríochta
		01.42	Tógáil eallaigh eile agus buabhall
		01.43	Tógáil capall agus ainmhithe eile eachaí
		01.44	Tógáil camall agus camallaidí
		01.45	Tógáil caorach agus gabhar
		01.46	Tógáil mucra agus muc
		01.47	Tógáil éanlaithe clóis
		01.48	Tógáil ainmhithe eile
	01.5		Feirmeoireacht mheasctha

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		01.50	Feirmeoireacht mheasctha
	01.6		Gníomhaíochtaí tacaíochta don talmhaíocht agus do ghníomhaíochtaí barr iarbhuainte
		01.61	Gníomhaíochtaí tacaíochta do tháirgeadh barr
		01.62	Gníomhaíochtaí tacaíochta do tháirgeadh ainmhithe
		01.63	Gníomhaíochtaí barr iarbhuainte agus próiseáil síolta don síolrú
	01.7		Sealgaireacht, gaisteoireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara
		01.70	Sealgaireacht, gaisteoireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara
02			Foraoiseacht agus lománaíocht
	02.1		Foraoiseolaíocht agus gníomhaíochtaí eile foraoiseachta
		02.10	Foraoiseolaíocht agus gníomhaíochtaí eile foraoiseachta
	02.2		Lománaíocht
		02.20	Lománaíocht
	02.3		Bailiú táirgí neamh-adhmaid a fhásann go fiáin
		02.30	Bailiú táirgí neamh-adhmaid a fhásann go fiáin
	02.4		Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht
		02.40	Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht
03			Iascaireacht agus dobharshaothrú
	03.1		Iascaireacht
		03.11	Iascaireacht mhara
		03.12	Iascaireacht fionnuisce
	03.2		Dobharshaothrú
		03.21	Dobharshaothrú muirí
		03.22	Dobharshaothrú fionnuisce
	03.3		Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe
		03.30	Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe
			ROINN B — MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT
05			Mianadóireacht guail agus ligníte
	05.1		Mianadóireacht guail chrua
		05.10	Mianadóireacht guail chrua
	05.2		Mianadóireacht ligníte
		05.20	Mianadóireacht ligníte
06			Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha
	06.1		Eastóscadh peitriliam amh
		06.10	Eastóscadh peitriliam amh
	06.2		Eastóscadh gáis nádúrtha

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		06.20	Eastóscadh gáis nádúrtha
07			Mianadóireacht mianta miotail
	07.1		Mianadóireacht mianta iarainn
		07.10	Mianadóireacht mianta iarainn
	07.2		Mianadóireacht mianta miotail neamhfheiriúla
		07.21	Mianadóireacht mianta úráiniam agus tóiriam
		07.29	Mianadóireacht mianta miotail eile neamhfheiriúla
08			Mianadóireacht agus cairéalacht eile
	08.1		Cairéalú cloiche, gainimh agus cré
		08.11	Cairéalú cloiche ornáidí, aolchloiche, gipsim, slinne agus cloiche eile
		08.12	Oibriú claiseanna gairbhéil agus gainimh agus mianadóireacht créanna agus caoilín
	08.9		Mianadóireacht agus cairéalacht nach n-aicmítear in áit ar bith eile
		08.91	Mianadóireacht mianraí ceimiceacha agus leasacháin
		08.92	Eastóscadh móna
		08.93	Eastóscadh salainn
		08.99	Mianadóireacht agus cairéalacht eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
09			Gníomhaíochtaí tacaíochta mianadóireachta
	09.1		Gníomhaíochtaí tacaíochta d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
		09.10	Gníomhaíochtaí tacaíochta d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
	09.9		Gníomhaíochtaí tacaíochta do mhianadóireacht eile agus do chairéalacht eile
		09.90	Gníomhaíochtaí tacaíochta do mhianadóireacht eile agus do chairéalacht eile
			ROINN C — MONARÚ
10			Monarú táirgí bia
	10.1		Próiseáil agus leasú feola agus táirgeadh táirgí bia
		10.11	Próiseáil agus leasú éineola, seachas éineoil
		10.12	Próiseáil agus leasú éineola
		10.13	Táirgeadh feola agus táirgí éineola
	10.2		Próiseáil agus leasú éisc, crústach agus moileasc
		10.20	Próiseáil agus leasú éisc, crústach agus moileasc
	10.3		Próiseáil agus leasú torthaí agus glasraí
		10.31	Próiseáil agus leasú prátaí
		10.32	Monarú sú torthaí agus glasraí

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		10.39	Próiseáil agus leasú eile torthaí agus glasraí
	10.4		Monarú olaí agus saillte plandúla agus ainmhíocha
		10.41	Monarú olaí agus saillte
		10.42	Monarú margairín agus saillte inite comhchosúla
	10.5		Monarú táirgí déiríochta agus oighir inite
		10.51	Monarú táirgí déiríochta
		10.52	Monarú uachtair reoite agus oighir inite eile
	10.6		Monarú táirgí muilinn gráin, stáirsí agus táirgí stáirse
		10.61	Monarú táirgí muilinn gráin
		10.62	Monarú stáirsí agus táirgí stáirse
	10.7		Monarú táirgí bácúis agus plúrmhara
		10.71	Monarú aráin; monarú earraí úra taosráin agus cácaí
		10.72	Monarú roscaí, brioscaí, taosráin leasaithe agus cácaí
		10.73	Monarú táirgí plúrmhara
	10.8		Monarú táirgí bia eile
		10.81	Monarú siúcra
		10.82	Monarú cócó, seacláide agus milseogra siúcra
		10.83	Próiseáil tae agus caife
		10.84	Monarú tarsann agus blastanas
		10.85	Monarú béilí agus mias réamhullmhaithe
		10.86	Monarú ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh
		10.89	Monarú táirgí eile bia nach n-aicmítear in áit ar bith eile
	10.9		Monarú beathaí ullmhaithe d'ainmhithe
		10.91	Monarú beathaí ullmhaithe d'ainmhithe feirme
		10.92	Monarú bianna ullmhaithe do pheataí
11			Monarú deochanna
	11.0		Monarú deochanna
		11.01	Driogadh, ceartdealú agus cumasc biotáillí
		11.02	Monarú fíona ó fhíonchaora
		11.03	Monarú leanna úll agus deochanna torthaí coipthe eile
		11.04	Monarú deochanna eile coipthe neamhdhriogtha
		11.05	Monarú beorach
		11.06	Monarú braiche

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		11.07	Monarú deochanna boga agus uiscí buidéalaithe
12			Monarú táirgí tobac
	12.0		Monarú táirgí tobac
		12.00	Monarú táirgí tobac
13			Monarú teicstílí
	13.1		Ullmhú agus sníomh snáithíní teicstíle
		13.10	Ullmhú agus sníomh snáithíní teicstíle
	13.2		Fíodóireacht teicstílí
		13.20	Fíodóireacht teicstílí
	13.3		Bailchríochnú teicstílí
		13.30	Bailchríochnú teicstílí
	13.9		Monarú teicstílí eile
		13.91	Monarú fabraicí cniotáilte agus cróiseáilte
		13.92	Monarú teicstílí tí agus earraí fearastaithe rédhéanta
		13.93	Monarú cairpéad agus rugaí
		13.94	Monarú téadra, téide, coirdín agus líontán
		13.95	Monarú ábhar neamhfhite agus earraí neamhfhite
		13.96	Monarú teicstílí eile teicniúla agus tionsclaíocha
		13.99	Monarú teicstílí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
14			Monarú corpbhirt
	14.1		Monarú éadaí cniotáilte agus cróiseáilte
		14.10	Monarú éadaí cniotáilte agus cróiseáilte
	14.2		Monarú corpbhirt eile agus oiriúintí
		14.21	Monarú éadaí amuigh
		14.22	Monarú fo-éadaí
		14.23	Monarú feistis oibre
		14.24	Monarú éadaí leathair agus éadaí fionnaidh
		14.29	Monarú corpbhirt eile agus oiriúintí nach n-aicmítear in áit ar bith eile
15			Monarú leathair agus táirgí gaolmhara d'ábhair eile
	15.1		Súdaireacht, ruaimniú, treiscíniú leathair agus fionnaidh; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireachta agus úmacha
		15.11	Súdaireacht, treiscíniú, ruaimniú leathair agus fionnaidh
		15.12	Monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireachta agus úmacha d'aon ábhar
	15.2		Monarú coisbhirt

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		15.20	Monarú coisbhirt
16			Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú rudaí tuí agus ábhar fite
	16.1		Sábhmhuilleoireacht agus plánáil adhmaid; próiseáil agus bailchríochnú adhmaid
		16.11	Sábhmhuilleoireacht agus plánáil adhmaid
		16.12	Próiseáil agus bailchríochnú adhmaid
	16.2		Monarú táirgí adhmaid, coirc, tuí agus ábhar fite
		16.21	Monarú leathán veiníre agus painéal atá bunaithe ar adhmad
		16.22	Monarú urlár iontlaise cóimeáilte
		16.23	Monarú cearpantóireachta agus siúinéireachta eile do thógálaithe
		16.24	Monarú coimeádán adhmaid
		16.25	Monarú doirse agus fuinneog adhmaid
		16.26	Monarú breoslaí soladacha ó bhithmhais glasraí
		16.27	Bailchríochnú táirgí adhmaid
		16.28	Monarú táirgí eile adhmaid agus earraí coirc, tuí agus ábhar fite
17			Monarú páipéir agus táirgí páipéir
	17.1		Monarú laín, páipéir agus páipéarchláir
		17.11	Monarú laín
		17.12	Monarú páipéir agus páipéarchláir
	17.2		Monarú earraí páipéir agus páipéarchláir
		17.21	Monarú páipéir rochta, páipéarchláir agus coimeádán páipéir agus páipéarchláir
		17.22	Monarú earraí tí agus sláintíochta agus earraí bunriachtanacha don leithreas
		17.23	Monarú stáiseanóireachta páipéir
		17.24	Monarú ballapháipéir
		17.25	Monarú earraí eile páipéir agus páipéarchláir
18			Priontáil agus atáirgeadh na meán taifeadta
	18.1		Priontáil agus gníomhaíochtaí seirbhíse a bhaineann le priontáil
		18.11	Priontáil nuachtán
		18.12	Priontáil eile
		18.13	Seirbhísí réamh-phreasa agus réamh-mheán
		18.14	Ceangal leabhar agus seirbhísí gaolmhara
	18.2		Atáirgeadh na meán taifeadta

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		18.20	Atáirgeadh na meán taifeadta
19			Monarú táirgí cóic agus peitriliam scagtha
	19.1		Monarú táirgí oighinn cóic
		19.10	Monarú táirgí oighinn cóic
	19.2		Monarú táirgí peitriliam scagtha agus táirgí breosla iontaise
		19.20	Monarú táirgí peitriliam scagtha agus táirgí breosla iontaise
20			Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha
	20.1		Monarú ceimiceán bunúsach, leasúchán agus comhdhúl nítrigine, plaisteach agus rubair shintéisigh i bhfoirmeacha príomhúla
		20.11	Monarú gás tionsclaíoch
		20.12	Monarú ruaimeanna agus líocha
		20.13	Monarú ceimiceán bunúsach eile neamhorgánach
		20.14	Monarú ceimiceán bunúsach eile orgánach
		20.15	Monarú leasúchán agus comhdhúl nítrigine
		20.16	Monarú plaisteach i bhfoirmeacha príomhúla
		20.17	Monarú rubair shintéisigh i bhfoirmeacha príomhúla
	20.2		Monarú lotnaidicídí, dífhabhtán agus táirgí eile agraicheimiceacha
		20.20	Monarú lotnaidicídí, dífhabhtán agus táirgí eile agraicheimiceacha
	20.3		Monarú péinteanna, vearnaisí agus bratuithe comhchosúla, dúigh priontála agus maisteog
		20.30	Monarú péinteanna, vearnaisí agus bratuithe comhchosúla, dúigh priontála agus maisteog
	20.4		Monarú ullmhóidí níocháin, glantacháin agus snasaithe
		20.41	Monarú gallúnaí agus glantach, ullmhóidí glantacháin agus snasaithe
		20.42	Monarú cumhráin agus ullmhóidí maisíochta
	20.5		Monarú táirgí eile ceimiceacha
		20.51	Monarú bithbhreoslaí leachtacha
		20.59	Monarú táirgí eile ceimiceacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile
	20.6		Monarú snáithíní de dhéantús an duine
		20.60	Monarú snáithíní de dhéantús an duine
21			Monarú buntáirgí cógaisíochta agus ullmhóidí cógaisíochta
	21.1		Monarú buntáirgí cógaisíochta
		21.10	Monarú buntáirgí cógaisíochta

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
	21.2		Monarú ullmhóidí cógaisíochta
		21.20	Monarú ullmhóidí cógaisíochta
22			Monarú táirgí rubair agus plaisteacha
	22.1		Monarú táirgí rubair
		22.11	Monarú, atráchtadh agus atógáil bonn rubair agus monarú feadán
		22.12	Monarú táirgí eile rubair
	22.2		Monarú táirgí plaisteacha
		22.21	Monarú plátaí, brat, feadán agus próifílí plaisteacha
		22.22	Monarú earraí pacála plaisteacha
		22.23	Monarú doirse agus fuinneog plaisteach
		22.24	Monarú earraí plaisteacha do thógálaithe
		22.25	Próiseáil agus bailchríochnú táirgí plaisteacha
		22.26	Monarú táirgí eile plaisteacha
23			Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha
	23.1		Monarú gloine agus táirgí gloine
		23.11	Monarú gloine comhréidh
		23.12	Deilbhiú agus próiseáil gloine comhréidh
		23.13	Monarú tollghloine
		23.14	Monarú snáithíní gloine
		23.15	Monarú agus próiseáil gloine eile, lena n-áirítear earraí teicniúla gloine
	23.2		Monarú táirgí teasfhulangacha
		23.20	Monarú táirgí teasfhulangacha
	23.3		Monarú ábhar tógála cré
		23.31	Monarú tíleanna ceirmeacha agus leac ceirmeach
		23.32	Monarú brící, tíleanna agus tairgí foirgníochta i gcré bhácáilte
	23.4		Monarú táirgí eile poircealláin agus ceirmeacha
		23.41	Monarú rudaí tí ceirmeacha agus rudaí ornáideacha
		23.42	Monarú daingneán ceirmeach sláintíochta
		23.43	Monarú inslitheoirí ceirmeacha agus feisteas inslithe ceirmeach
		23.44	Monarú táirgí eile ceirmeacha teicniúla
		23.45	Monarú táirgí eile ceirmeacha
	23.5		Monarú stroighne, aoil agus plástair
		23.51	Monarú stroighne

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		23.52	Monarú aoil agus plástair
	23.6		Monarú rudaí coincréite, stroighne agus plástair
		23.61	Monarú táirgí coincréite chun críocha foirgníochta
		23.62	Monarú táirgí plástair chun críocha foirgníochta
		23.63	Monarú coincréite réamh-mheasctha
		23.64	Monarú moirtéal
		23.65	Monarú stroighne snáithíní
		23.66	Monarú rudaí eile coincréite, stroighne agus plástair
	23.7		Gearradh, deilbhiú agus bailchríochnú cloiche
		23.70	Gearradh, deilbhiú agus bailchríochnú cloiche
	23.9		Monarú táirgí scríobacha agus táirgí mianracha neamh-mhiotalacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile
		23.91	Monarú táirgí scríobacha
		23.99	Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile
24			Monarú bunmhiotal
	24.1		Monarú buniarainn agus bunchruach agus fearó-chóimhiotal
		24.10	Monarú buniarainn agus bunchruach agus fearó-chóimhiotal
	24.2		Monarú feadán, píobán, tollphróifílí agus feisteas gaolmhar, atá déanta as cruach
		24.20	Monarú feadán, píobán, tollphróifílí agus feisteas gaolmhar, atá déanta as cruach
	24.3		Monarú táirgí eile de chéad phróiseáil na cruach
		24.31	Fuartharraingt barraí
		24.32	Fuar-rolladh stéille caoile
		24.33	Fuarfhoirmiú nó fuarfhilleadh
		24.34	Fuartharraingt sreinge
	24.4		Monarú bunmhiotal lómhar agus miotal eile neamhfheiriúil
		24.41	Táirgeadh miotal lómhar
		24.42	Táirgeadh alúmanaim
		24.43	Táirgeadh luaidhe, since agus stáin
		24.44	Táirgeadh copair
		24.45	Táirgeadh miotail neamhfheiriúil eile
		24.46	Próiseáil breosla núicléach
	24.5		Teilgean miotal
		24.51	Teilgean iarainn
		24.52	Teilgean cruach

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		24.53	Teilgean miotal éadrom
		24.54	Teilgean miotal éadrom neamhfheiriúil eile
25			Monarú táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh
	25.1		Monarú táirgí struchtúracha miotail
		25.11	Monarú struchtúr miotail agus codanna de struchtúir
		25.12	Monarú doirse agus fuinneog miotail
	25.2		Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail
		25.21	Monarú radaitheoirí téimh lárnaigh, gineadóirí gaile agus coirí
		25.22	Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail eile
	25.3		Monarú arm agus armlóin
		25.30	Monarú arm agus armlóin
	25.4		Gaibhniú agus dealbhú miotalóireachta miotail agus púdair
		25.40	Gaibhniú agus dealbhú miotail agus miotalóireacht phúdair
	25.5		Cóireáil agus cótáil miotal; meaisíniú
		25.51	Bratú miotal
		25.52	Cóireáil teasa miotal
		25.53	Meaisíniú miotal
	25.6		Monarú sceanra, uirlisí agus crua-earraí ginearálta
		25.61	Monarú sceanra
		25.62	Monarú glas agus insí
		25.63	Monarú uirlisí
	25.9		Monarú táirgí eile déanta as miotal
		25.91	Monarú drumaí cruach agus coimeádán comhchosúil
		25.92	Monarú pacáistithe miotail éadroim
		25.93	Monarú táirgí, slabhra agus spriongaí sreinge
		25.94	Monarú dúntóirí agus táirgí meaisín scriú
		25.99	Monarú táirgí eile déanta as miotal nach n-aicmítear in áit ar bith eile
26			Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla
	26.1		Monarú comhpháirteanna leictreonacha agus bord leictreonach
		26.11	Monarú comhpháirteanna leictreonacha
		26.12	Monarú bord leictreonach luchtaithe
	26.2		Monarú ríomhairí agus trealaimh fhorimeallaigh
		26.20	Monarú ríomhairí agus trealaimh fhorimeallaigh
	26.3		Monarú trealaimh cumarsáide

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		26.30	Monarú trealaimh cumarsáide
	26.4		Monarú leictreonaice do thomhaltóirí
		26.40	Monarú leictreonaice do thomhaltóirí
	26.5		Monarú uirlisí tástála tomhais, clog agus uaireadóirí
		26.51	Monarú ionstraimí agus fearas do thomhas, tástáil agus nascleanúint
		26.52	Monarú uaireadóirí agus clog
	26.6		Monarú trealaimh ionradaíochta, leictrimhíochaine agus leictritheiripigh
		26.60	Monarú trealaimh ionradaíochta, leictrimhíochaine agus leictritheiripigh
	26.7		Monarú ionstraimí optúla, meán maighnéadach agus optúil agus trealaimh fhótagrafaigh
		26.70	Monarú ionstraimí optúla, meán maighnéadach agus optúil agus trealaimh fhótagrafaigh
27			Monarú trealaimh leictrigh
	27.1		Monarú mótar leictreach, gineadóirí leictreacha, claochladán leictreach agus gaireas dáilte agus rialaithe leictreachais
		27.11	Monarú mótar leictreach, gineadóirí leictreacha agus claochladán leictreach
		27.12	Monarú gairis dáilte agus rialaithe leictreachais
	27.2		Monarú cadhnraí agus taisc-cheallraí
		27.20	Monarú cadhnraí agus taisc-cheallraí
	27.3		Monarú sreangaithe agus feisteas sreangaithe
		27.31	Monarú cáblaí snáthoptaice
		27.32	Monarú sreang agus cáblaí eile leictreonacha agus leictreacha
		27.33	Monarú feisteas sreangaithe
	27.4		Monarú trealaimh shoilsithe
		27.40	Monarú trealaimh shoilsithe
	27.5		Monarú fearas teaghlaigh
		27.51	Monarú fearas teaghlaigh leictreach
		27.52	Monarú fearas teaghlaigh neamhleictreach
	27.9		Monarú trealaimh leictrigh eile
		27.90	Monarú trealaimh leictrigh eile
28			Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile
	28.1		Monarú innealra ilchuspóirigh eile

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		28.11	Monarú inneall agus tuirbíní, seachas innill aerárthaí, feithiclí agus rothar
		28.12	Monarú trealaimh cumhachta sreabhaí
		28.13	Monarú caidéal agus comhbhrúiteoirí eile
		28.14	Monarú sconnaí agus comhlaí eile
		28.15	Monarú imthacaí, giaranna, ball giarála agus tiomána
	28.2		Monarú innealra ilchuspóirigh eile
		28.21	Monarú oigheann, foirnéisí agus buantrealaimh téimh tí
		28.22	Monarú trealaimh ardúcháin agus láimhseála
		28.23	Monarú innealra agus trealaimh oifige, seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach
		28.24	Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte
		28.25	Monarú trealaimh aerchóiriúcháin nach trealamh tí é
		28.29	Monarú innealra ilchuspóirigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
	28.3		Monarú innealra talmhaíochta agus foraoiseachta
		28.30	Monarú innealra talmhaíochta agus foraoiseachta
	28.4		Monarú innealra foirmithe miotail agus meaisín-uirlisí
		28.41	Monarú innealra foirmithe miotail agus meaisín-uirlisí le haghaidh miotalóireachta
		28.42	Monarú meaisín-uirlisí eile
	28.9		Monarú innealra shainchuspóirigh eile
		28.91	Monarú innealra le haghaidh miotalóireachta
		28.92	Monarú innealra mianadóireachta, cairéalachta agus foirgníochta
		28.93	Monarú innealra chun bia, deochanna agus tobac a phróiseáil
		28.94	Monarú innealra chun teicstílí, corpbheart agus leathar a tháirgeadh
		28.95	Monarú innealra chun páipéar agus páipéarchlár a tháirgeadh
		28.96	Monarú innealra do tháirgeadh plaistigh agus rubair
		28.97	Monarú innealra monaraíochta breisithe
		28.99	Monarú innealra shainchuspóirigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
29			Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí
	29.1		Monarú mótarfheithiclí
		29.10	Monarú mótarfheithiclí

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
	29.2		Monarú cabhlacha agus oibre cóiste do mhótarfheithiclí; monarú leantóirí agus leathleantóirí
		29.20	Monarú cabhlacha agus obair cóiste do mhótarfheithiclí; monarú leantóirí agus leathleantóirí
	29.3		Monarú páirteanna agus gabhálas mótarfheithiclí
		29.31	Monarú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh do mhótarfheithiclí
		29.32	Monarú páirteanna agus gabhálas eile do mhótarfheithiclí
30			Monarú trealaimh iompair eile
	30.1		Tógáil long agus bád
		30.11	Tógáil long sibhialtach agus struchtúr ar snámh
		30.12	Tógáil bád pléisiúir agus spóirt
		30.13	Tógáil long agus soithí míleata
	30.2		Monarú inneall traenach agus rothstoc iarnróid
		30.20	Monarú inneall traenach agus rothstoc iarnróid
	30.3		Monarú aerárthaí agus spásárthaí agus innealra ghaolmhair
		30.31	Monarú aerárthaí agus spásárthaí sibhialtacha agus innealra ghaolmhair
		30.32	Monarú aerárthaí agus spásárthaí míleata agus innealra ghaolmhair
	30.4		Monarú feithiclí míleata comhraic
		30.40	Monarú feithiclí míleata comhraic
	30.9		Monarú trealaimh iompair nach n-aicmítear in áit ar bith eile
		30.91	Monarú gluaisrothar
		30.92	Monarú rothar agus cóistí easláin
		30.99	Monarú trealaimh iompair eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
31			Monarú troscáin
	31.0		Monarú troscáin
		31.00	Monarú troscáin
32			Monarú eile
	32.1		Monarú seodra, bijouterie agus rudaí gaolmhara
		32.11	Bualadh bonn
		32.12	Monarú seodra agus rudaí gaolmhara
		32.13	Monarú seodra bhréige agus rudaí gaolmhara
	32.2		Monarú uirlisí ceoil
		32.20	Monarú uirlisí ceoil
	32.3		Monarú earraí spóirt
		32.30	Monarú earraí spóirt

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
	32.4		Monarú cluichí agus bréagán
		32.40	Monarú cluichí agus bréagán
	32.5		Monarú gléasanna agus soláthairtí míochaine agus fiaclóireachta
		32.50	Monarú gléasanna agus soláthairtí míochaine agus fiaclóireachta
	32.9		Monarú nach n-aicmítear in áit ar bith eile
		32.91	Monarú scuab urláir agus scuab
		32.99	Monarú eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
33			Deisiú, cothabháil agus suiteáil innealra agus trealaimh
	33.1		Deisiú agus cothabháil táirgí déanta as miotal, innealra agus trealaimh
		33.11	Deisiú agus cothabháil táirgí déanta as miotal
		33.12	Deisiú agus cothabháil innealra
		33.13	Deisiú agus cothabháil trealaimh leictreonaigh agus optúil
		33.14	Deisiú agus cothabháil trealaimh leictreachais
		33.15	Deisiú agus cothabháil long agus bád sibhialta
		33.16	Deisiú agus cothabháil aerárthaí sibhialtacha agus spásárthaí
		33.17	Deisiú agus cothabháil trealaimh eile iompair shibhialta
		33.18	Deisiú agus cothabháil feithiclí míleata comhraic, long, bád, aerárthaí agus spásárthaí
		33.19	Deisiú agus cothabháil trealaimh eile
	33.2		Suiteáil innealra agus trealaimh thionsclaíoch
		33.20	Suiteáil innealra agus trealaimh thionsclaíoch
			ROINN D — SOLÁTHAR LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS AERCHÓIRIÚCHÁIN
35			Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin
	35.1		Giniúint, tarchur agus dáileadh cumhachta
		35.11	Táirgeadh leictreachais ó fhoinsí neamh-inathnuaite
		35.12	Táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-inathnuaite
		35.13	Tarchur leictreachais
		35.14	Dáileadh leictreachais
		35.15	Trádáil leictreachais
		35.16	Stóráil leictreachais
	35.2		Monarú gáis, agus dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlíonra

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		35.21	Monarú gáis
		35.22	Dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlíonra
		35.23	Trádáil gáis trí phríomhlíonra
		35.24	Stóráil gáis mar chuid de sheirbhísí soláthair líonra
	35.3		Soláthar gaile agus aerchóiriúcháin
		35.30	Soláthar gaile agus aerchóiriúcháin
	35.4		Gníomhaíochtaí bróicéirí agus gníomhairí le haghaidh cumhacht leictreach agus gás nádúrtha
		35.40	Gníomhaíochtaí bróicéirí agus gníomhairí le haghaidh cumhacht leictreach agus gás nádúrtha
			ROINN E — SOLÁTHAR UISCE SÉARACHAS, BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FEABHSÚCHÁIN
36			Bailiú, cóireáil agus soláthar uisce
	36.0		Bailiú, cóireáil agus soláthar uisce
		36.00	Bailiú, cóireáil agus soláthar uisce
37			Séarachas
	37.0		Séarachas
		37.00	Séarachas
38			Gníomhaíochtaí bailithe, aisghabhála agus diúscartha dramhaíola
	38.1		Bailiú dramhaíola
		38.11	Bailiú dramhaíola neamhghuaisí
		38.12	Bailiú dramhaíola guaisí
	38.2		Aisghabháil dramhaíola
		38.21	Athshlánú ábhar
		38.22	Aisghabháil fuinnimh
		38.23	Aisghabháil dramhaíola eile
	38.3		Diúscairt dramhaíola gan aisghabháil
		38.31	Loscadh gan aisghabháil fuinnimh
		38.32	Líonadh talún nó buanstóráil
		38.33	Diúscairt dramhaíola eile
39			Gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile bainistithe dramhaíola
	39.0		Gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile bainistithe dramhaíola
		39.00	Gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile bainistithe dramhaíola
			ROINN F — FOIRGNÍOCHT
41			Tógáil foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe
	41.0		Tógáil foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Rannán	Grúpa	Aicme	
		41.00	Tógáil foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe
42			Innealtóireacht shibhialta
	42.1		Tógáil bóithre agus iarnród
		42.11	Tógáil bóithre agus mótarbhealaí
		42.12	Tógáil iarnród agus iarnród faoi thalamh
		42.13	Tógáil droichead agus tollán
	42.2		Tógáil tionscadal fóntais
		42.21	Tógáil tionscadal fóntais le haghaidh sreabhán
		42.22	Tógáil tionscadal fóntais le haghaidh leictreachais agus teileachumarsáide
	42.9		Tógáil tionscadal innealtóireachta sibhialta eile
		42.91	Tógáil tionscadal uisce
		42.99	Tógáil tionscadal eile innealtóireachta sibhialta nach n-aicmítear in áit ar bith eile
43			Gníomhaíochtaí foirgníochta speisialaithe
	43.1		Scartáil agus ullmhú láithreán
		43.11	Scartáil
		43.12	Ullmhú láithreán
		43.13	Druileáil agus tolladh tástála
